

LUX

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR

FILM

DAYS

UROK (THE LESSON)

Kristina Grozeva agus Petar Valchanov
An Bhulgáir, an Ghréig



UROK (THE LESSON)

KRISTINA GROZEVA AGUS PETAR VALCHANOV

Is múinteoir Béarla í Nade. Tá sí ina cónaí lena fear céile atá dífhostaithe agus a n-iníon atá 4 bliana d'aois. Lá amháin agus í ag teacht ar ais ón obair, tá báille ag fanacht léi ag an teach. Níor íocadh na billí. D'úsáid a fear céile an t-airgead chun críoch eile. Níl ach 3 lá ag Nade an t-airgead a aimsiú agus an banc a aisíoc; mura féidir léi, cuirfead a teach ar díol. Dá bhrí sin, tosaíonn comhaireamh síos ina mbeidh an líomhad constaicé agus tástálfar ionracas Nade a bhí foirfe suas go dtí an pointe sin.

CÚPLA GNÉ DEN ANAILÍS



Cuireann an scannán carachtar atá i bponc ina saol príobháideach in iúl dúinn mar tá uirthi fiach a aisíoc agus ina saol gairmiúil níl sí sásta an té a dhéanann goid sa scoil a fhágáil gan pionós. Cé go bhfuil cuma ar an scéal nach bhfuil baint ag an dá phlota éagsúla le chéile, éiríonn siad fite fuaite ina chéile ag deireadh an scannáin.

BEAN MHACÁNTA

Tosaíonn an scannán mar seo: maidir le dalta sa rang, tá sparán aige ina raibh airgead le haghaidh a béile sa bhialann díreach goidte. Iarrann Nade, an múinteoir, ar na daltaí a gcuid málaí a fholmhú le gur féidir leis an gcaillín beag, a ndearnadh éagóir uirthi, dul ar thóir a sparáin. Ní thagann aon toradh ón gcuardach agus dá bharr sin, iarrann Nade ar na daltaí roinnt airgid a thiomsú chun an cailteanas a chúiteamh; is í an múinteoir féin an chéad duine lámh a chur ina sparán. Ag deireadh an ranga, deir sí go dtabharfaidh sí seans don ghadaí cúiteamh a dhéanamh: cuireann sí clúdach litreach folamh ar an mballa ionas gur féidir leis an ngadaí an t-airgead a chur ar ais i ngan fhios d'éinne eile. Le linn an chéad cheachta eile, seiceálann sí an clúdach litreach: níl ann ach bun toitín, rud a chuireann na daltaí ag seithgháire. Cuireann Nade in iúl dóibh ansin nach stadfaidh sí go dtí go gcuirfead pionós ar an ngadaí.

Léiríonn an dá radharc tosaigh dúinn go bhfuil sí tiomanta don cheartas agus go bhfuil tuiscint mhorálta an-ard aici ar ghairm na múinteoireachta. Ní chun Béarla a mhúineadh amháin atá Nade ann, tá sí ann freisin chun oideachas sa chiall is iomláine a thabhairt do na daltaí: is é sin le rá, luachanna a chosaint, anseo an mhacántacht, an ceartas agus iad a fhothaidhmíú. Cuireann sí an-bhéim ar an idéal seo. Go deimhin, téann gach rud a deir sí agus a dhéanann sí maidir leis an ngoid seo i bhfeidhm uirthi go pearsanta.

Léirítear carachtar Nade freisin mar dhuine atá beagán righin agus éigniúch: leagann sí na cóipleabhair amach ionas go bhfuil siad ailínithe go foirfe; piocann sí suas bruscar atá fágtha ar an talamh agus cuireann sí sa bhosca bruscair é; níl sí sleamchúiseach ina cuid éadaigh; nó aon uair a théann sí ar cuairt go dtí reilig a máthar, tógann sí ciarsúr amach agus leathann sí amach é chun suí síos air.





I bhfianaise na gconstaicí os a comhair amach, is léir go bhfuil an-smacht aici uirthi féin agus go háirithe ar a cuid mothúcháin. Is cosúil go bhfuil sí in ann na mothúcháin a chur ar leataobh chun déileáil le heachtraí go réasúnach. Mar sin, cosnaíonn sí a seasamh, agus is minic a dhéanann sí é sin go teann, bíodh uirthi déileáil leis an ngoid a tharla sa rang, leis an mbáille a deir léi gur gearr go mbeidh a teach ar díol nó leis an bhfostaí a dhiúltaíonn a pá a íoc agus fanann sí go huile is go hiomlán suaimhneach agus réasúnta. I mbeagán focal, seasann sí amach lena breithiúnas morálta agus a hidéalacha i leith ceartais agus oird a leanann sí go dígeanta agus le féinsmacht.

PLOTA AN FHÉICH LE HAISÍOC

Níor íocadh na billí tí agus níor thug fear céile Nade aon aird ar na hathbhíllí: mura n-aisíoctar an t-airgead i gceann 3 lá, cuirfear an teach ar díol. Tosaíonn sí ag iarraidh idirbheartaíocht a dhéanamh leis an mbaincéir ach níl aon toradh air sin. Tá uirthi an t-airgead a aimsiú fós. Ar dtús, tá ar Nade an pá a éileamh ar a fostóir a thug téacsanna le haistriú di ach ní fhaigheann sí faic. Dá thoradh sin, téann Nade i muinín an iasachtóra airgid ansin.

Ar éigeantá fadhb amháin réitithe aici, nuair a chuirtear ceann eile os a comhair: chlis ar ghnó an fhir a ndéanann sí aistriúcháin dó agus theith sé. Dá bhrí sin, ní féidir léi brath ar íocaíocht an phá seo. Ansin, iarrann sí ar an iasachtóir airgid síneadh ama a thabhairt di. Tagann cor ar an aisíocaíocht nach bhfuil aon choinne aici leis: éilítear ar Nade marc níos airde a thabhairt do Mitko, nia an iasachtóra, seachas an marc atá tuillte aige. Anois, is ionann an cruachás di agus an gadaí óg a rinne sí iarracht a aimsiú i dtosach an scannáin. Le héifeacht seo an scátháin, iarrtar ar Nade í féin a cheistiú: Cad a thug ar an mbuachaill óg goid sa chéad áit? Cén fáth a raibh sí diongbháilte pionós a chur air?

AR AN mBONN CINEAMATAGRAFACH

Cuireann *Urok (The Lesson)* gnéithe aeistéitiúla suaithinseacha in iúl dúinn. Is scannán é nach bhfaighimid mórán dialóige ann agus dá thoradh sin, tá ar an lucht féachana níos mó oibre a dhéanamh chun é a léirmhíniú. Go deimhin, deir Nade an méid a theastaíonn uaithi a rá i mbeagán focal: níl sí solabhartha agus tá cuma cuibheasach fuarchúiseach ar a haghaidh. Is ag brath ar an tsraith gothaí agus cásanna ina saol, a chuireann ar chumas an lucht féachana staid mheabhrach Nade a athchruthú, ciall a bhaint as a gníomhartha agus ar deireadh thiar, tuiscint a bheith acu ar an méid atá ar siúl agus ar na nithe atá á ndéanamh agus á mbrath aici.

Mar sin, tá cuma ar an scéal gurb ionann rithim don scannán agus don charachtar: uaireanta is duine bríomhar, éifeachtach agus téann sí go bun na faidhbe; uaireanta eile is duine mall í agus tugann sí am di féin machnamh a dhéanamh nó a bheith éiginnte. Mar thoradh ar an mbarúil sin, is féidir cosúlacht a fheiceáil idir Nade agus *Rosetta*, leis na deartháirí Dardenne (An Bheilg, 1999), nó leis an gcarachtar Thierry sa scannán *La Loi du marché* (Stéphane Brizé, an Fhrainc, 2015); cosúil le Nade, tá an bheith acu i bponc agus breathnaíonn siad ar an saol gan a gcuid smaointe a léiriú i mbriathra. Is stíl scannánaíochta í seo a bhféadfaí stíl an chláir faisnéise a thabhairt uirthi, ag gníomhú mar chritic shóisialta a cháineann an indibhidiúlacht, tosaíocht an airgid ar luachanna morálta agus ar idéil.



ÁBHAR MACHNAIMH

Déanann teideal an scannáin, *Urok (The Lesson)*, tagairt, gan amhras, do shlí bheatha an phríomhcharachtair. Ach spreagann scéal Nade agus a deacrachtaí airgeadais machnamh ar léirmhínte níos caolchúisí chuige sin. Cad iad na léirmhínte ar an teideal ar féidir linn forbairt a dhéanamh orthu? Cé a thugann an ceacht agus cé hé faighteoir an cheachta sa scéal seo?

Is carachtar débhríoch í Nade agus féadann sí breathnú mídheas le roinnt daoine ós rud é gur duine docht í, nach bhfuil tuiscint ar an ngreann aici, gur cosúil go bhfuil smacht ar a saol aici srl. Ar an lámh eile, bíonn sí an-mhór le daoine áirithe eile toisc go bhfuil luachanna morálta agus dínit aici agus an chaoi a dtéann sí i ngleic le constaicí. Agus cad fútsa, cad é do thuairim faoin gcarachtar seo? Mar shampla, an dóigh leat gur tuairim uilíoch í an tuairim atá aici faoi cheartas?





Tugann an scannán leaganacha éagsúla de théama an fhéich: tá fiach ag Nade leis an mbanc, agus ansin, leis an iasachtóir; tá leac uaighe an athar “ag dul” dá bhean chéile; tá airgead ag an rang “ar” an ngadaí beag; tá íocaíocht ag Nade “ar” an bhfostóir. Is léir go mbaineann an t-ús ar an bhfiach, nó b’fhéidir ar chostas na seirbhíse fiú, le cúrsaí eacnamaíochta ach uaireanta, baineann sé le cúrsaí morálta nó síceolaíochta chomh maith. Bíonn an costas morálta sin iomarcach uaireanta agus is geall le humhlú é. Ar deireadh thiar, tugann an féichiúnaí aghaidh ar an gcreidiúnaí i gcaidreamh daoirse. An féidir leat cur leis an togra seo agus cosúlacht a dhéanamh idir é agus le fiachais Stát?

Anne Vervier

les grignoux



STIÚRTHÓIRÍ Kristina Grozeva,
Petar Valchanov

CNÁMHA SCÉIL Kristina Grozeva,
Petar Valchanov

AISTEOIRÍ Margita Gosheva, Ivan Barnev,
Ivanka Bratoeva, Ivan Savov, Deya Todorova,
Stefan Denolyubov

CINEAMATAGRAFAÍ Krum Rodriguez

LÉIRITHEOIRÍ Kristina Grozeva,
Petar Valchanov, Konstantina Stavrianou,
Rena Vougioukalou, Magdalena Ilieva

LÉIRIÚCHÁN Abraxas Film Ltd, Graal films and
Little Wing

BLIAIN 2014

FAD 105 nóiméad

SEÁNRA Dráma

TÍR An Bhulgáir, an Ghréig

BUNLEAGAN Bulgáiris





ÁR SCÉALTA Á LÉIRIÚ TRÍ MHOTHÚCHÁN NA SCANNÁNAÍOCHTA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE¹ 2015 a chur i láthair:

MEDITERRANEA, le Jonas Carpignano

An Iodáil, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, Catar

MUSTANG, le Deniz Gamze Ergüven

An Fhrainc, an Ghearmáin, an Tuirc, Catar

UROK (THE LESSON), le Kristina Grozeva agus Petar Valchanov

An Bhulgáir, an Ghréig

Beidh na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an tiomantas agus an chruthaitheacht atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, le feiceáil le linn an 4^ú eagrán de LUX FILM DAYS².

¹ Duais Scannánaíochta LUX.

² Laethanta Scannánaíochta LUX

LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag ár gcultúr sa chaoi a bhforbraimid an tsochaí ina mairimid. Á mheabhrú sin di, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE (Duais Scannánaíochta LUX) in 2007 agus é mar aidhm leis an duais sin feabhas a chur ar scaipeadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar mhór-shaincheisteanna na sochaí a spreagadh ar fud na hEorpa. Is tionscnamh ar leith é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíor-annamh a scaiptear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil a chur go 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 25 Samhain 2015 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LUX FILM DAYS

Tháinig ann do LUX FILM DAYS (Laethanta Scannánaíochta LUX) de dhroim LUX FILM PRIZE. Ó 2012 i leith, tá teacht ag lucht féachana Eorpach níos mó ar na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE a bhúiochas do LUX FILM DAYS. Trí LUX FILM DAYS, tugtar cuireadh duit taitneamh a bhaint as eispéireas cultúrtha a thrasnaíonn teorainneacha agus a mhairfidh sa chuimhne. Ó Dheireadh Fómhair go dtí Nollaig 2015, beidh tú in ann a bheith rannpháirteach le dream as gach cearn den Eoraip ar mór acu scannáin agus beidh deis agat féachaint ar *Mediterranea*, *Mustang* agus *Urok (The Lesson)* i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

AITHEANTAS POBAIL

Is é atá i gceist leis an Aitheantas Pobail ná gradam de chuid LUX FILM PRIZE atá bunaithe ar rogha an lucht féachana. Tapaigh an deis chun vótáil do *Mediterranea*, *Mustang* nó *Urok (The Lesson)*, agus cuirfead d'ainm isteach i gcomórtas chun freastal ar fhéile scannánaíochta idirnáisiúnta Karlovy Vary i mí Iúil 2016 — ar chuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus buaiteoir an Aitheantais Pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU